Foras na Gaeilge

**Teideal na scéime**

Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2021

Ní mór cóip den fhoirm iarratais comhlánaithe agus gach doiciméad tacaíochta ar an seicliosta a sheoladh chuig: **feilte@forasnagaeilge.ie**
faoi 12 meán lae Dé hAoine an 16 Deireadh Fómhair 2020.

Tabhair faoi deara go ndícháileofar iarratas mura bhfuil sé comhlánaithe i gceart nó má tá doiciméad in easnamh. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta thuasluaite. Ní mór gach ceist a fhreagairt. Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú i gclóscríbhinn.

**Treoirlínte agus critéir mhaoinithe na scéime**

**Réasúnaíocht don scéim**

Beidh Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon oscailte do ghrúpaí gairmiúla cuí chun deis a thabhairt dóibh forbairt a dhéanamh ar mhór-imeachtaí ealaíon nó ar ghnéithe de mhór-imeachtaí ealaíon atá á reáchtáil agus á gcur i bhfeidhm trí mheán na Gaeilge nó a bhfuil na healaíona teangabhunaithe Gaeilge mar chuid lárnach díobh.

**Bunaidhm na scéime**

Díríonn an scéim seo ar mhór-imeachtaí a bhfuil d'aidhm acu an Ghaeilge agus na healaíona teangabhunaithe Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach mar dhlúthchuid de mhór-imeacht. Lena chois sin díríonn an scéim seo ar na gréasáin shóisialta Ghaeilge, ar an mórphobal agus ar earnáil na n-ealaíon ar bhonn uile-oileáin agus go hidirnáisiúnta.

**Critéir na scéime**

Bainfidh Foras na Gaeilge úsáid as na critéir seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar gach iarratas:

1. (a) Is gá ábhar, líon agus tarraingteacht na n-imeachtaí a bheith trí mheán na Gaeilge, ag teacht le bunaidhm na scéime

   (b) Is gá samhlaíocht chlár oibre lucht reáchtála na n-imeachtaí a bheith soiléir.

   (c) Is gá an líon rannpháirtithe a bheith intomhaiste, idir oirfidigh agus lucht freastal.

2. Is gá go gcuirfear le húsáid na Gaeilge i gcomhthéacs na n-ealaíon teangabhunaithe a chur chun cinn: aithriseoireacht, amhránaíocht, scéalaíocht, léamh scéalta, puipeadóireacht, drámaíocht, scannáin, ealaíontóirí nua a chothú, nó réimse ar bith eile de na healaíona teangabhunaithe a mheallfadh lucht freastail le Gaeilge.

3. Is gá clár na n-imeachtaí agus gach ábhar bolscaireachta a bheith i nGaeilge nó iomlán dátheangach, le tús áite ag an nGaeilge, agus pléite roimh ré le Foras na Gaeilge. Más gné ar leith d'fhéile níos mó atá i gceist, is gá aitheantas suntasach a thabhairt don Ghaeilge i litríocht phoiblíochta agus eolais an phríomhimeachta, agus sin a bheith pléite roimh ré le Foras na Gaeilge. Ní mór dréacht den chlár a chur chuig Foras na Gaeilge sula gcuirfear i gcló é.

4. Is gá clár oibre a bheith ag an iarratasóir a leagann amach aidhm, cuspóir, straitéis, plean forbartha lucht féachana and rannpháirtíochta, plean margaíochta etc.

5. Is gá cumas bainistíochta agus riaracháin a bheith ag an ngrúpa atá ag déanamh iarratais, ina gcuirfear taithí an ghrúpa, struchtúr, réimse saineolais agus speisialtóireachta san áireamh. Más grúpa logánta atá ann agus iad ag feidhmiú ar son scátheagrais nó bratchomhlachta ní mór an gaol, an comhoibriú agus an tacaíocht atá ann leis an scátheagras nó leis an mbratchomhlacht cuí a léiriú.

6. Is gá eolas a thabhairt maidir le maoiniú nó tacaíocht ó fhoinsí eile, e.g. urraíocht, úsáid ionaid, am deonach, maoiniú comhchineáil, teacht isteach measta agus luach ar airgead.

7. Bronnfaidh Foras na Gaeilge marcanna breise sa phróiseas measúnaithe ar iarratais a léiríonn go mbeidh an t-imeacht ar fad nó fo-imeachtaí ábhartha suite sna líonraí, bailte seirbhíse Gaeltachta, limistéir phleanála teanga, agus ceantair atá ag feidhmiú faoin Scéim Pobal Gaeilge.

8. Bronnfaidh Foras na Gaeilge marcanna breise ar iarratais a léiríonn go bhfuil plean acu leis an líon luchta freastail a mhéadú.

9. Bronnfaidh Foras na Gaeilge marcanna breise ar iarratais a léiríonn go mbeidh úsáid na Gaeilge chun tosaigh i ngach gné den mhór-imeacht, agus san ábhar poiblíochta.

10. Is gá tiomantas a bheith ann comhoibriú leis na ceanneagraíochtaí cuí.

11. Is gá aon mhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge a bheith caite sa bhliain féilire reatha.

- 12. Cuirfear fáilte faoi leith roimh iarratais a chuimsíonn fo-imeachtaí a dhéanann Colmcille 2021 a chomóradh.

**Cad é nach bhfuil inmhaoinithe?**

- Tionscadail nach léiríonn cur chuige nó polasaí soiléir maidir le cur chun cinn na Gaeilge.
- Ní íocfar costais sheasta cosúil le cíos, tuarastail, taisteal, cothú nó billí. Íocfar deontas faoin scéim seo ar son chostais reatha an mhór-imeachta amhain. Is deontas i gcabhair ó Fhoras na Gaeilge amháin a bheidh ar fáil faoin scéim seo.
- Aon iarratasóir a dhéanann stocaireacht faoi iarratas le haon chomhalta boird nó fostaí de chuid Fhoras na Gaeilge.

**Riachtanais faoi leith**

- Bunreacht más cuí
- Seicliosta cumhdach leanaí
- Cuntas bainc in ainm an mhór-imeachta
- Uimhir chánach ROS bhailí
- Deimhniú imréitigh cánach
- Ráiteas a léiríonn tiomantas don Ghaeilge

**Láimhseáil iarratas ar dheontas**

- Is ar fhoirm iarratais Fhoras na Gaeilge amháin a ghlacfar le hiarratais. Ní mór an fhoirm a chomhlánú ina hiomláine, gach ceist a fhreagairt agus aon eolas eile a iarrtar san fhoirm a sholáthar.
- Déanfaidh Foras na Gaeilge measúnú ar gach iarratas bunaithe ar an eolas a thabharfaidh an t-iarratasóir ar an bhfoirm iarratais. Féadfaidh Foras na Gaeilge eolas breise a lorg.
- Dícháileofar iarratas má thugtar eolas míchruinn.

**Íocaíocht agus monatóireacht**

1. Is é bord Fhoras na Gaeilge atá freagrach as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú. Is iad foireann Fhoras na Gaeilge a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.
2. Beidh gach maoiniú de chuid Fhoras na Gaeilge i bhfoirm conartha dhlíthiúil agus ní mór cloí leis na coinníollacha a leagfar síos sa chonradh sin. Is féidir go

ndéanfar cuid den deontas nó an deontas ar fad a chealú nó a aisghairm má sháraítear aon cheann de na coinníollacha.

3. Déanfar an maoiniú a cheadófar faoin bhfoirm iarratais seo a íoc de réir mar a aontófar. Más i dtráthchodanna a íocfar an deontas ní mór iarratas a dhéanamh ar íocaíocht gach tráthchoda laistigh den tréimhse chomhaontaithe.
4. Déanfaidh Foras na Gaeilge féin, nó a ghníomhairí, monatóireacht ar gach tionscadal ar gach leibhéal – airgeadas, cur i bhfeidhm, dul chun cinn etc.
5. Is féidir go dtabharfaidh Foras na Gaeilge, a chuid oifigeach agus/nó gníomhairí, cuairteanna ar thionscadal ag aon tráth le linn na tréimhse maoinithe.
6. Tá sé de chead ag Foras na Gaeilge tuairisc a iarraidh faoi spriocanna a bhaineann le caiteachas agus le torthaí oibre ag aon tráth ar bith. Ní mór í seo a sholáthar taobh istigh de thréimhse chomhaontaithe.
7. Ní mór deimhniú imréitigh cánach reatha a chur ar fáil, más cuí.
8. Ní mór cuntais iniúchta a sholáthar, más cuí, ag deireadh gach bliana.
9. Is mian le Foras na Gaeilge a chur in iúl d'iarratasóirí go bhféadfadh sé tarlú go ndéanfar an t-eolas a sholáthrófar in aon fhoirm iarratais a chur ar fáil de réir dhualgas Fhoras na Gaeilge faoin dlí, lena n-áirítear an Cód Cleachtais um Shaoráil Faisnéise do na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas a tháinig i bhfeidhm ar an 20 Meitheamh 2005.
10. Is féidir go ndéanfaidh Foras na Gaeilge teagmháil le ranna rialtais agus maoinitheoirí eile, thuaidh agus theas, le hiarratais a phlé.
11. Ní mór cloí le rialacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

**<u>Níl cead ach iarratas amháin a dhéanamh ar son eagraíocht ar bith.</u>**